# An Coiste d’Fheabhsú Feabhais

## Meitheamh 2020

**Aidhmeanna**
Oibriú leis an bhfoireann, le lucht bainistíochta agus le coistí eile in OÉ Gaillimh chun cultúr iomlán feabhais a chur i bhfeidhm ar fud na hOllscoile, agus chun córais a fhorbairt le caighdeán sheirbhísí agus chláir na hOllscoile a chinntiú agus a fheabhsú do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal seachtrach.

**Téarmaí Tagartha**
Tá an Coiste freagrach d’Údarás na hOllscoile as polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le dearbhú agus dul chun cinn feabhais a chur le chéile i gcomhthéacs Phlean Straitéiseach na hOllscoile, agus as feidhmiú polasaithe agus nósanna imeachta den chineál sin a chinntiú arna bhfaomhadh ag Údarás na hOllscoile. Beidh feabhas eispéireas na mac léinn ar an bpríomhchúram i ngach meastóireacht faoi rathúlacht gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí feabhais.

Dá réir sin, déanfaidh an Coiste na nithe seo a leanas:

- polasaithe a fhorbairt agus a mholadh d’Údarás na hOllscoile, dá chuid fochoistí féin agus do chomhlachtaí eile na hOllscoile
- comhfhreagracht as feabhas gach gníomhaíochta de chuid na hOllscoile a chur chun cinn
- maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le sárchleachtas a aithint agus a scaipeadh
- a chinntiú go dtiocfaidh polasaithe agus nósanna imeachta na hOllscoile le ceanglais Acht na nOllscoileanna, 1997
- athbhreithniú a dhéanamh agus leasuithe a mholadh do na téarmaí tagartha seo, más iomchuí
- fochoistí agus grúpaí oibre a bhunú, ar a mbeidh dualgais oibre shonracha, a mheasfar a bheith de dhíth chun oibríocht éifeachtach an Choiste a chinntiú

Le linn don Choiste d’Fheabhsú Feabhais (QEC) a dhualgas a chomhlíonadh, cuirfidh sé comhairle ar Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) ar cheisteanna lárnacha a bhaineann le feabhas a eascróidh le himpleachtaí d’fhorbairt straitéise nó polasaí agus soláthróidh sé Tuarascáil Bhliantúil, tríd an Stiúrthóir Feabhais, d’Údarás na hOllscoile, chun ceanglais Acht na nOllscoileanna, 1997 agus an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta, 2012 a chomhlíonadh.

**Ballraíocht**
***Ex-Officio***

| | |
|---|---|
| An Príomhoifigeach Oibriúcháin | An Leas-Uachtarán don Taighde (nó ainmní) |
| Stiúrthóir CALPD | An Príomh-Leabharlannaí |
| Stiúrthóir CELT | Déan na Mac Léinn (nó ainmní) |
| An Stiúrthóir AD (nó ainmní) | An Stiúrthóir Feabhais |
| An Stiúrthóir Pleanála agus Taighde Institiúidigh | An Rúnaí Acadúil (nó ainmní) |

| | |
|---|---|
| An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach) | An Déan Staidéir Iarchéime |
| Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn | An Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta nó ainmní |
| An Leas-Uachtarán Comhionannais agus Éagsúlachta (nó ainmní) | |

***Ainmnithe***

- Ceathrar comhaltaí foirne acadúla a bhfuil taithí acu ar rannpháirtíocht in athbhreithnithe feabhais agus/nó eolas acu ar chórais feabhais a dhéanann ionadaíocht ar gach Coláiste agus a ainmníonn Déan Feidhmiúcháin an Choláiste chuí
- Beirt chomhaltaí foirne sna seirbhísí tacaíochta a bhfuil taithí acu ar rannpháirtíocht in athbhreithnithe feabhais agus/nó eolas acu ar chórais feabhais, ainmnithe ag an bPríomhoifigeach Oibriúcháin.

**Córam**

Seisear an córam is gá chun gnó a dhéanamh, agus beidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (DPR) nó an Príomhoifigeach Oibriúcháin (COO) ar dhuine amháin acu ar a laghad.

**Téarma Oifige**

Beidh an téarma oifige mar an gcéanna le téarma Údarás na hOllscoile.

**Corrfholúntais**

Tá údarás ag an gCoiste aon chorrfholúntas a thagann chun cinn le linn shaolré an Choiste a líonadh.

**Comhthoghadh**

Tá an t-údarás ag an gCoiste suas le triúr comhaltaí nua a chomhthoghadh má theastaíonn tacar scileanna nó réimse spéise ar leith. Ainmneoidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí comhaltaí comhthofa agus caithfidh an Coiste iad a fhaomhadh ina dhiaidh sin.

**Línte Tuairiscithe**

Tuairiscíonn an Coiste d'Fheabhsú Feabhais chuig Údarás na hOllscoile tríd an gComhairle Acadúil agus Foireann Bainistíochta na hOllscoile, mar a aontaíodh.

| **Coiste** | **Miontuairiscí agus Tuairiscí** |
|---|---|
| An Chomhairle Acadúil (AC) | • *Miontuairiscí QEC*<br>• Tuairisc an Stiúrthóra Feabhais chuig Cruinniú na Comhairle Acadúla<br>• Tuairiscí Athbhreithnithe Feabhais Acadúla agus Pleananna Gníomhaíochta<br>• *Tuarascáil Bhliantúil ar Dhearbhú Feabhais d'Údarás na hOllscoile* |
| Foireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) | • Tuarascálacha Athbhreithnithe Feabhais ar fad agus Pleananna Gníomhaíochta<br>• *Tuarascáil Bhliantúil ar Dhearbhú Feabhais d'Údarás na hOllscoile* |

***Meithea***

*Meithea*